Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13157/1/18**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0145(COD)**

**CODEC 1673**
**DAPIX 315**
**JAI 1006**
**COMIX 561**
**SIRIS 136**
**VISA 271**
**EURODAC 25**
**SCHENGEN 52**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 30 Meitheamh 2017 chuir an Coimisiún an togra[1] thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 74, Airteagal 77(2)(a) agus (b), Airteagal 78(2)(e), Airteagal 79(2)(c), Airteagal 82(1)(d), Airteagal 85(1), Airteagal 87(2)(a) agus Airteagal 88(2) CFAE[2][3][4], ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 4 Iúil 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Tar éis an leasaithe a rinne Parlaimint na hEorpa le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici an 1-4 Deireadh Fómhair 2018, trí cheartúchán, is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle[5] leis.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa mar a leagtar amach in PE-CONS 29/18 é, a fhormheas mar Mír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil;

  - a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

[1] 10820/17.

[2] De bhua Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2018/… ón gComhairle, tá údarú tugtha don Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach sa Rialachán seo. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann forálacha an Rialacháin seo le Eurodac agus DubliNet, thug an Ríocht Aontaithe fógra, i litir chuig Uachtarán na Comhairle dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2017, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, tá an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo, tá sí faoi cheangal aige agus tá sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

[3] Níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, gan dochar dá cearta faoi Phrótacal Uimh. 19 agus faoi Phrótacal Uimh. 21.

[4] I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

[5] 10714/18.